**An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)**
**Fógra maidir le hIarratas Pleanála Díreach chuig an Bhord Pleanála**
**i ndáil le Forbairt Bhonneagair Straitéiseach**
**Contae Dhún na nGall**

I gcomhréir le hAlt 37E den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, tugann Feirm Ghaoithe Dhroim na hUamha DAC fógra maidir lena rún chun iarratas a dhéanamh ar chead pleanála deich mbliana chuig an Bhord Pleanála i ndáil leis an fhorbairt bheartaithe seo a leanas i mbailte fearainn Thaobh Sloitheánach, an Triain Chaoil, Mhín an Deoraí, Charraig an Langáin, na Circe, Choillidh Masnaí, Meentycat, Meenalaban, an Choiligh, Thulaigh Thónmhar agus Aughkeely Co. Dhún na nGall.

Seo a leanas atá i gceist san fhorbairt bheartaithe lena bhfuil cead á lorg faoi Alt 37E:

- Dhá thuirbín déag gaoithe (12) (uasairde moill 167.5m) leis an bhunchloch agus na limistéir talamh chrua craenach bhainteacha.
- Crann Meitéareolaíoch Buan amháin (1) (airde 110m) agus bunchloch bhainteach, limistéar talamh chrua agus limistéar talamh chrua príomhchraenach coimhdeach.
- Bóithre seirbhíse suímh inmheánacha nua agus uasghrádaithe (3.2km de raonta foraoiseachta le huasghrádú agus 7.1km de raonta rochtana inmheánacha nua le tógáil).
- Córais cháblaí leictreacha faoin talamh idir na tuirbíní laistigh de shuíomh na feirme gaoithe.
- Córais cháblaí leictreacha faoin talamh idir suíomh na feirme gaoithe agus an pointe ceangailte leis an ngreille ag fostáisiún ceadaithe an Léana Léith.
- Mion-uasghrádú ar Bhealach isteach Suímh reatha ar an L-10142
- Uasghrádú/ Leathnú ar Bhealach isteach reatha ar an L-1622-1
- Acomhal nua ón L-10142 chun tógáil agus rochtain chuig T1 a éascú
- Uasghrádú/leathnú áitiúil feadh bhóithre rochtana reatha laistigh d'Fheirm Ghaoithe Meentycat.
- Dhá (2) champún suíomh tógála sealadacha (ceann timpeall 100m x 50m agus ceann timpeall 55m x 25m).
- Trí (3) shloc soláthair le húsáid mar fhoinse ábhar cloiche i rith na tógála agus chun ábhair mhóna tochailte bhreise a stóráil.
- Trí (3) limistéar móna / sil-leagan carta (ag láithreacha na sloc soláthair)
- Córas bainistíocht uisce dromchla lena mbaineann
- Leagan crainn chun forbairt suímh a éascú.

Tá cead pleanála deich mbliana agus saol oibríochta 30 bliain á lorg san iarratas seo ó dháta coimisiúnaithe na feirme gaoithe.

Ullmhaíodh Tuarascáil um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) agus Ráiteas Tionchair Natura (NIS) i ndáil leis an bhforbairt a bheartaítear.

Is féidir iniúchadh a dhéanamh ar an iarratas pleanála, EIAR agus NIS saor in aisce nó iad a cheannach ach an táille sonraithe a íoc (táille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip díobh a dhéanamh) i rith uaireanta oscailte poiblí ar feadh tréimhse seacht seachtainí dar tús an 7ú Nollaig 2020 sna háiteanna seo a leanas:

- Oifigí an Bhoird Phleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1
- Oifigí Chomhairle Contae Dhún na nGall, Teach an Chontae, An Chearnóg, Leifear, Co. Dhún na nGall

Is féidir an t-iarratas a amharc/íoslódáil freisin ar an suíomh gréasáin aonair seo:

- www.drumnahoughwindfarmplanning.com

Is féidir aighneachtaí nó breithnithe a dhéanamh chuig an Bhord Pleanála (An Bord) maidir leis na himpleachtaí i gcomhair pleanáil agus forbairt inbhuanaithe an limistéir agus na tionchair dhóchúla a bheidh ar an timpeallacht nó ar aon suíomh Eorpach, má dhéantar an fhorbairt. Éilítear sna Rialacháin go luafar in aon aighneacht nó breithniú den chineál sin:

- Ainm an duine a bhfuil an aighneacht nó breithniú á dhéanamh acu, ainm an duine atá ag gníomhú ar a shon, más ann dó, agus an seoladh chuig ar cheart comhfhreagras maidir leis an iarratas a sheoladh
- ábhar na haighneachta nó an bhreithnithe; agus
- na cúiseanna, ábhair agus argóintí ar a bhfuil sé bunaithe ina iomláine. (Dá dtagraíonn Airteagal 217 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt.)

Caithfear táille €50 a sheoladh le haon aighneacht/bhreithniú (seachas i gcomhair comhlachtaí forordaithe áirithe) agus ní mór go bhfaigheadh an Bord é nach déanaí ná 5.30pm ar an 5ú Feabhra 2021.

Ní bhreathnóidh an Bord ar aon aighneacht nó breithniú nach gcloífidh leis na riachtanais thuas.

Féadfaidh an Bord ar a lánrogha iomlán éisteacht ó bhéal a reáchtáil maidir leis an iarratas. (I gcomhair tuilleadh sonraí féach 'Treoir maidir le Rannpháirtíocht an Phobail i bhForbairt Bonneagair Straitéisigh' ar shuíomh gréasáin an Bhoird www.pleanala.ie.

Féadfaidh an Bord cinneadh a dhéanamh i ndáil le haon iarratas ar chead:

- Cead a bhronnadh le coinníollacha nó gan choinníollacha,
- Cead a bhronnadh le hoiriúintí sonraithe, le coinníollacha nó gan choinníollacha,
- Cead a bhronnadh i bpáirt, le coinníollacha nó gan choinníollacha, nó
- Cead a dhiúltú.

Féadfaidh aon duine bailíocht chinneadh den chineál sin ón Bhord a cheistiú trí iarratas ar athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986, arna leasú) de réir Alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. Tá fáil ar fhaisnéis phraiticiúil ar an meicníocht athbhreithnithe ar shuíomh gréasáin an Bhoird www.pleanala.ie faoin gceannteideal Fógra Faoi Athbhreithniú Breithiúnach nó ar shuíomh gréasáin Faisnéis do Shaoránaigh www.citizensinformation.ie

SÍNITHE: Caitríona Fox

**MALACHY WALSH AGUS PÁIRTITHE, REENPOINT, CATHAIR UÍ MHÓRÁIN, TRÁ LÍ, CO. CHIARRAÍ (Gníomhaire thar ceann Feirm Ghaoithe Dhroim na hUamha DAC)**

***DÁTA CROCHTA AN FHÓGRA SUÍMH:*** *26 Samhain 2020*